Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Samhain 2023
(OR. en)

14922/23
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0385(NLE)**

AELE 42
EEE 40
N 95
ISL 54
FL 33
MI 948
ENV 1257
AVIATION 213

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | DRÉACHTCHINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE lena leasaítear Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE |

DRÉACHT

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE**
**Uimh. …**

**an …**

**lena leasaítear Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Treoir (AE) 2023/958 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE a mhéid a bhaineann le rannchuidiú na heitlíochta le sprioc an Aontais astaíochtaí a laghdú ar fud an gheilleagair agus le cur chun feidhme iomchuí birt dhomhanda mhargadhbhunaithe[1], tá sí le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Cinneadh (AE) 2023/136 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE a mhéid a bhaineann leis an bhfógra maidir le fritháireamh i leith beart domhanda margadhbhunaithe d'oibreoirí aerárthaí atá bunaithe san Aontas[2], tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Le Treoir (AE) 2023/958, bunaítear sásra speisialta chun an difríocht costais idir breoslaí eitlíochta inbhuanaithe agus breoslaí iontaise a dhúnadh, a bhfuil leibhéal níos airde tacaíochta aige d'oileáin áirithe san Aontas. Ba cheart feidhm a bheith ag an leibhéal níos airde tacaíochta sin maidir leis an Íoslainn freisin.

---

[1] IO L 130, 16.5.2023, lch. 115.
[2] IO L 19, 20.1.2023, lch. 1.

(4) Le Treoir (AE) 2023/958, cuirtear síneadh, den uair dheireanach, le díolúine faoi cheangal ama le haghaidh eitiltí a oibrítear chuig agus ó thríú tíortha ábhartha. Tá suíomh geografach ar leith ag an Íoslainn agus measann sí go mbíonn drochthionchair speisialta aige sin ar nascacht aeir agus ar rioscaí sceite carbóin. Chun aghaidh a thabhairt air sin, ar feadh idirthréimhse na díolúine sin faoi cheangal ama, agus ar bhealach a áiritheoidh go ndéanfar prionsabal na córa comhionainne d'aerlínte ar an aerbhealach céanna a lánurramú agus a chomhlíonadh, sin agus cuspóirí, prionsabail agus forálacha eile Chomhaontú LEE, ba cheart sásra a bhunú chun lamháltais bhreise a leithdháileadh go coinníollach ar oibreoirí aerárthaí i ndáil le heitiltí a imíonn ó aeradróm san Íoslainn agus a thagann isteach in aeradróm in LEE, san Eilvéis nó sa Ríocht Aontaithe, nó a imíonn ó aeradróm in LEE agus a thagann isteach san Íoslainn. Déanfar na lamháltais a leithdháiltear faoin sásra sin a asbhaint ó líon na lamháltas a leithdháilfeadh an Íoslainn ar cheantáil murach sin. Aon lamháltas breise a leithdháilfear ar oibreoirí aerárthaí de bhun an tsásra sin, leithdháilfear é ar chuntar na hoibreoirí sin iarrachtaí brostaithe a dhéanamh chun cuspóir na haeráidneodrachta a bhaint amach.

(5) In 2026, ba cheart tuarascáil a bheith ann ina ndéanfaí meastóireacht ar aernascacht na hÍoslainne, lena n-áirítear breithniú maidir le hiomaíochas agus sceitheadh carbóin, leis an tionchar ar an gcomhshaol agus ar an aeráid, agus leis na hoiriúnuithe a leagtar amach sa Chinneadh seo. Ba cheart torthaí na meastóireachta sin a chur san áireamh, i gcás inarb iomchuí, agus athbhreithniú á dhéanamh amach anseo ar Threoir 2003/87/CE tar éis na tréimhse 2024 go 2026.

(6) Ba cheart Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasófar pointe 21al (Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE mar seo a leanas:

1. Cuirtear isteach na heangaí a seo a leanas leis:

   '- **32023 D 0136:** Cinneadh (AE) 2023/136 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2023 (IO L 19, 20.1.2023, lch. 1.),

   - **32023 L 0958:** Treoir (AE) 2023/958 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 (IO L 130, 16.5.2023, lch. 115).'

2. Cuirtear na hoiriúnuithe seo a leanas in ionad oiriúnuithe (b) go (d):

   (b) I bpointe (c) den tríú fomhír d'Airteagal 3c(6), cuirtear na focail ', agus ag aerfoirt san Íoslainn' isteach i ndiaidh na bhfocal 'aeriompar inbhuanaithe'.

(c) I mír 1 d'Airteagal 3d, cuirfear an fhomhíreanna seo a leanas isteach i ndiaidh na chéad fhomhíre:

'Ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2026, déanfaidh an Íoslainn, gach bliain, lamháltais saor in aisce a leithdháileadh ar oibreoirí aerárthaí, i gcomhréir le prionsabal na córa comhionainne is infheidhme faoi Chomhaontú LEE, lena n-áirítear cóir chomhionann i measc aerlínte ar an aerbhealach céanna, suas go dtí leibhéal an lín lamháltas atá le cur ar ceant ag an Íoslainn de bhun Airteagal 3d(3), i ndáil le heitiltí a imíonn ó aeradróm san Íoslainn agus a thagann isteach in aeradróm in LEE, san Eilvéis nó sa Ríocht Aontaithe, nó a imíonn ó aeradróm in LEE agus a thagann isteach san Íoslainn. Ní rachaidh an leithdháileadh saor in aisce breise do 2025 agus 2026 thar leibhéal an leithdháilte saor in aisce in 2024, agus beidh sé faoi réir chur i bhfeidhm an fhachtóra laghdaithe línigh dá dtagraítear in Airteagal 9. Mura bhfuil lamháltais leordhóthanacha ann, cuirfear coigeartú aonfhoirmeach i bhfeidhm maidir leis na leithdháiltí uile. Líon na lamháltas atá comhionann leis an leithdháileadh saor in aisce breise faoin bhfomhír seo, déanfar é a asbhaint ó líon na lamháltas atá le cur ar ceant ag an Íoslainn de bhun Airteagal 3d(3). Gach leithdháileadh saor in aisce de bhun na fomhíre seo, is iad a Íoslainn a riarfaidh iad i gClárlann an Aontais. Cuirfidh oibreoirí aerárthaí iarratas isteach chuig údarás inniúil na hÍoslainne, a leithdháilfidh lamháltais i gcomhréir leis an bhfomhír seo, faoi réir plean aeráidneodrachta a bheith curtha isteach agus foilsithe ag an oibreoir aerárthaí. Beidh plean aeráidneodrachta comhsheasmhach le cuspóirí aeráidneodrachta na hÍoslainne, an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, de bhun Chomhaontú Pháras agus sonrófar ann an méid seo a leanas:

– na mionsonraí a dtugtar tuairisc orthu sa tríú fomhír d'Airteagal 10b(4);

– bearta breise, arna ndéanamh agus arna bpleanáil, de chuid an oibreora aerárthaí chun cuspóir na Treorach seo a bhaint amach go dtí an 31 Nollaig 2026; agus

– an chaoi a bhfuil gníomhaíochtaí abhcóideachta poiblí na haerlíne ailínithe le cuspóir na haeráidneodrachta.

Cuirfear an plean isteach in éineacht le deimhniú ó fhíoraitheoir neamhspleách i gcomhréir leis na nósanna imeachta fíorúcháin agus creidiúnaithe dá bhforáiltear in Airteagal 15 de Threoir 2003/87/CE.

An leithdháileadh thuas ó údarás inniúil na hÍoslainne maidir le leithdháileadh breise lamháltas, déanfar é tar éis don oibreoir aerárthaí an plean aeráidneodrachta a chur isteach agus a fhoilsiú. A mhéid a bhaineann leis na bearta a phleanáiltear agus a dtugtar gealltanas ina leith sa phlean aeráidneodrachta, déanfaidh an fíoraitheoir neamhspleách scrúdú gach bliain maidir le comhlíonadh iarbhír na mbeart sin ag an oibreoir aerárthaí. I gcás ina dtuairisceoidh an fíoraitheoir neamhspleách nár chomhlíon oibreoir aerárthaí a phlean féin, déanfaidh údarás inniúil na hÍoslainne na lamháltais a leithdháileadh saor in aisce a éileamh ar ais.'

(d) Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3d(4) maidir le Stáit CSTE.'

3. Scriostar oiriúnuithe (e) agus (f). Athuimhrítear oiriúnuithe (g) go (t) ionas gurb iad oiriúnuithe (e) go (r) iad.

4. Cuirtear na hoiriúnuithe seo a leanas isteach tar éis oiriúnú (r):

‘(s) Cuirfear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe (d) de mhír 8 d’Airteagal 30:

“(e) meastóireacht ar aernascacht na hÍoslainne, lena n-áirítear breithniú maidir le hiomaíochas agus sceitheadh carbóin, leis an tionchar ar an gcomhshaol agus ar an aeráid, agus leis na hoiriúnuithe a leagtar amach i gCinneadh Uimh. .../2023 ó Chomhchoiste LEE an ... [an Cinneadh seo].

(ea) Le linn an phróisis a leagtar amach in Airteagal 102 de Chomhaontú LEE maidir le haon athbhreithniú a dhéanfar amach anseo ar an Treoir seo, tabharfaidh Comhchoiste LEE aird ar thorthaí agus ar ghnéithe na meastóireachta dá dtagraítear i mír 8 d’Airteagal 30.”’

5. Athuimhrítear oiriúnuithe (u) agus (v) ionas gurb iad oiriúnuithe (t) agus (u) iad.

*Airteagal 2*

Na téacsanna Íoslainnise agus Ioruaise de Threoir (AE) 2023/958 agus Cinneadh (AE) 2023/136, atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, sin iad na téacsanna a bheidh barántúil.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an …, nó ar an lá tar éis an fhógra dheireanaigh chuig Comhchoiste LEE faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE, cibé acu dáta is déanaí[*].

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, ….

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*
*An tUachtarán*

*Rúnaithe*
*Chomhchoiste LEE*

---

[*] [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]

Dearbhú Comhpháirteach ó na Páirtithe Conarthacha
i gCinneadh Uimh. …/… ó Chomhchoiste LEE
lena ndéantar Treoir (AE) 2023/958 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
agus Cinneadh (AE) 2023/136 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
a ionchorprú sa Chomhaontú

Treoir (AE) 2023/958 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023, is treoir í ina gcuimsítear cur chun feidhme iomchuí beart arna nglacadh ag an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta. Tuigeann na Páirtithe Conarthacha ar fad go bhfuil ionchorprú na Treorach gan dochar do raon feidhme Chomhaontú LEE.